FTO – Scríbhneoirí Míreanna Páirtaimseartha do Thrialacha Luathlitearthachta agus Luathuimhearthachta *(Gaeilge agus Béarla)*

(Obair Ócáideach ~6 uaire an chloig/seachtain thar ~12 sheachtain, ó Dheireadh Fómhair/23 go dtí Eanáir/2024)

Tá an Foras Taighde ar Oideachas (FTO) ag lorg scríbhneoirí míreanna chun ceisteanna a fhorbairt do thrialacha scagthástála agus diagnóiseacha don **luathlitearthacht (Gaeilge agus Béarla)** agus don **luathuimhearthacht** ag leibhéal na Naíonán Sinsearach agus do Rang a hAon.

Sa ról seo beidh suas le sé huaire an chloig oibre in aghaidh na seachtaine i gceist ar feadh tréimhse suas le 12 sheachtain idir mí Dheireadh Fómhair 2023 agus mí Eanáir 2024. (Tá solúbthacht ann sa mhéid is gur féidir leis na scríbhneoirí míreanna a chur in iúl gur fearr leo oibriú ar feadh beagán níos lú uaireanta in aghaidh na seachtaine; tabhair faoi deara freisin nach ráthaítear an líon iomlán uaireanta oibre.) Reáchtálfar ceardlann oiliúna tosaigh ar dháta i mí Dheireadh Fómhair ar an láthair ag an FTO (Droim Conrach, Baile Átha Cliath), agus beidh sé de rogha freastal go cianda más gá. Is lasmuigh d'uaireanta scoile a reáchtálfar an cheardlann seo. Ina dhiaidh sin, féadfar an obair go léir maidir leis na míreanna a scríobh a chur i gcrích **go cianda** agus ag amanna a roghnaíonn na scríbhneoirí míreanna iad féin.

Ní mór bunchéim a bheith ag iarratasóirí, agus tá taithí ar theagasc bunscoile, curaclam nó trialacha a fhorbairt, agus/nó scríobh míreanna inmhianaithe. Tá leibhéal sármhaith Gaeilge scríofa agus labhartha riachtanach do scríbhneoirí míreanna a shanntar le hobair ar an Triail Litearthachta sa Ghaeilge. Cuirfear oiliúint ar fáil do gach scríbhneoir míreanna agus cuirfear aiseolas ar fáil go leanúnach de réir mar a dhéanfar an obair a athbhreithniú.

Déanfar an ról seo a chúiteamh ag €40 in aghaidh na huaire (íoctar as freastal ar an gceardlann oiliúna ag an ráta céanna le scríobh-míreanna).

Seol litir iarratais agus CV chuig: development@erc.ie faoi **5.00 i.n. Dé Luain, 25 Meán Fómhair**, 2023.

I do litir, tabhair le fios go sonrach cé acu de na tástálacha seo a leanas a bhfuil spéis agat míreanna a scríobh dóibh (roghnaigh **gach ceann** a bhaineann):

- Triail Litearthachta – Gaeilge (tá gá le leibhéal sárchumais Gaeilge scríofa agus labhartha)
- Triail Litearthachta – Béarla.
- Triail Uimhearthachta – (déanfar na míreanna a fhorbairt trí Bhéarla, cé go mbeidh leaganacha den triail ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla amach anseo).

Má tá iarratas á dhéanamh agat chun míreanna a scríobh don Triail Litearthachta i nGaeilge, cuir isteach do litir iarratais agus CV **i nGaeilge.**

Déanfar iarratasóirí a ghearrliostú le haghaidh agallaimh bunaithe ar na hábhair a chuirtear isteach. Déanfar agallaimh trí fhísghlao agus beidh tasc praiticiúil maidir le scríobh míreanna chun inniúlacht a mheas.

Bunaíodh an Foras Taighde ar Oideachas nach mór 50 bliain ó shin agus rinneadh Comhlacht Reachtúil de i mí Mheán Fómhair, 2015. Déantar taighde agus meastóireacht ann ar gach gné den oideachas agus ar gach leibhéal. Is Fostóir Comhionannas Deiseanna é an Foras Taighde ar Oideachas.